

Timpeall na gClubanna



Buíochas le Sportsfile

Raonaithe na Croise

Le Liam de Lása

*Imeall na haille
go barr an
tsléibhe*

Chaitheas uair an chloig aréir ag scagadh na dtorthaí ó na craobhacha idirclub thar an deireadh seachtaine fé mar is gnáthach dom a dhéanamh oíche Dhomhnaigh. Ba dheacair a shamhlú tamall gearr ó shin go bhfaighidís an phoiblíocht atá á fáil anois acu. Cosmhuintir na tíre ag satailt ar a chéile agus aitheantas náisiúnta á bhaint amach dá gclub. Bhíomar gann ar chomhraic idir-chontae i mbliana ach tá splanc den todhchaí feiscithe againn le fillleadh na gclubanna ó shin.

Chreideas riamh go bhféadfaí an dá thrá a fhreastal in aon bhliain amháin. Is é sin go dtabharfaí stiall den chiste don mbeirt imreoir ar uachtar agus íochtar an dréimire. Tá níos mó ná a gcuid á fháil ag na clubanna ó shin agus tugtar blaiseadh dúinn ar shaibhreas na caide agus na hiomána i bpaistí ar leith sa tír dá bharr. Is olc an ghaoth is dócha.

Ní raibh aon ghéarchéim ag teastáil chun go dtiocfadh oidhreacht Raonaithe na Croise i gCo. Ard Mhacha chun barr uisce. Tá oidhreacht an chumainn ag dul chomh fada siar go dtí laethanta óga na heagraíochta fiú in 1884. Tá na Raonaithe ar cheann de na clubanna is luaithe a bunaíodh sa tír – bunaíodh iad ar an gcéad lá de Dheireadh Fómhair 1887.

Bhíodar ag ceiliúradh sara i bhfad nuair a thug siad leo an chraobh i 1906, 1911, 1912 agus 1913. Lean an rath as cuimse agus bhuaigh siad craobhacha i ngach aon tréimhse deich mbliana seachas na caogaidí.

Tionchar na dTrioblóidí

Sular chuireamar aithne orthu de bharr a ngaiscí náisiúnta le liathróid pheile, bhí na pictiúir loma thurraingeacha ón gceantar ag cur oilc ar dhaoine thuaidh is theas. Bhí nimh na dtrioblóidí ina teaspach agus cumann Raonaithe na Croise sáite sa lár gan fothain ó ionsaithe seicteacha ar a bpaiste. Ní raibh fágtha ag deireadh na seachtóidí ach fothracha na hoibre tógála a rinneadh thar thréimhse tríocha bliain.


Áit éigin i measc an lúitear-éitear bhí foirne na seachtóidí ina steillbheatha agus ceapadh gurbh iadsan an fhoireann ba chumasá a bhí ag na Raonaithe riamh. B'fhoirse sóláis iad in am an ghátair agus glacadh leis nach mbeadh a leithéid le feiscint i ngeansaí dubh agus ómra go deo arís.

An Óige Faoi Bhláth

Tá sé aitheanta go forleathan anois gur gá aire a thabhairt don óige. Bíonn pleanáil ar bun i gcontaetha agus iad ag cuimhneamh ar sheifteanna chun dul i bhfeidhm ar laochra an lae amárach. D'aithníos an patrún san chomh luath is a thosnaíos ag cíoradh na leabhar ar aistear na gclubanna a bhíonn fé chaibidil agam anseo.

Bhí glúin óg na dtrioblóidí ag féachaint isteach ar laochra an ama san, ag foghlaim faoin saol, faoi ghránacht an chine dhaonna agus ról ár gcluichí sa tsochaí. Bhí bláthú niamhrach i ndán don nglúin áirithe seo. I lár na mioscaise a múnlaíodh an fhoireann club peile ba rathúla riamh.

Bhriseadar gach aon churiarracht a bhí ann le briseadh idir 1996 agus 2009 ag buachaint 13 chraobh as a chéile in Ard Mhacha agus ceithre chraobh uile-Éireann. Bhí foireann sinsir Ard Mhacha ag tuargan ar an doras le linn na mblianta céanna agus bhaineadar an Tír Tairngire amach le bua stairiúil ar pheileadóirí na Ríochta in 2002.



Buíochas le Sportsfile

Bhí fear áitiúil Joe Kernan mar cheann feadhna orthu agus go dtí an lá inniu is deacair cuimhneamh ar lá chomh maoithneach i bPáirc an Chrócaigh.

Bhí ana-ghean ag a lucht leanta ar Joe toisc gur thuigeadar na híobairtí a dhein sé siar sna 70í, toisc gur bhlaís sé an bhris nuair a chailleadar i gcluiche ceannais 77, toisc gur tháinig sé tríd.

Ba shiombail é Joe ar shlí, de na tréithe a bhain leis na Raonaithe, an club a d'fhill ó imeall na haille go barr an tsléibhe. Le spiorad nárbh fhéidir a bhriseadh chruthaigh siad a gcultúr agus a dtodhchaí féin.

Cosmhuintir - Ordinary People

Stiall - Slice

Íochtar - Lower Part

Raonaithe - Rangers

Lom - Bare

Turraingeach - Violent

Fothain - Shelter

Seicteach - Sectarian

Steillbheatha - Full of Life

Sólás - Solace

Gránacht - Ugliness

Tír Tairngire - The Promised Land

Cúinne na bPáistí

Cuardach Focal

L	F	A	T	I	R	A	O	N	A	I	T	H	E
L	O	G	U	A	O	L	I	A	B	M	O	I	S
I	I	E	R	S	P	N	A	S	T	R	L	L	E
D	N	A	R	E	P	L	S	T	A	L	I	A	F
I	S	N	A	S	N	L	I	A	A	I	H	T	O
R	E	N	I	H	E	A	A	E	I	T	F	N	R
C	N	A	N	I	A	I	M	N	E	T	L	S	L
H	I	G	G	N	A	I	F	A	C	L	H	N	E
L	M	R	E	N	T	A	T	T	A	A	A	E	A
U	H	A	A	R	T	N	E	I	E	N	N	G	T
B	O	U	C	I	O	H	T	T	R	A	O	N	H
R	A	T	H	C	L	S	E	E	C	A	N	O	A
C	F	N	I	E	L	O	K	O	F	C	H	N	N
N	A	N	N	A	G	F	O	T	H	A	I	N	A

STIALL
RAONAITHE
CONTAETHA
TURRAINGEACH
SIOMBAIL
IONSAITHE
FORLEATHAN
KERNAN
NIMH
FOINSE
IDIRCHLUB
SPLANC
GANN
FOTHAIN
TUARGAN
IMEALL
SEIFTEANNA
GEAN